Cuntas Leithreasa 2022

# Vóta 38

# Sláinte

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 38, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Sláinte agus seirbhísí áirithe eile atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear deontais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an méid a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €42.065 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

Ullmhaíodh an cuntas de réir Mheastachán Athbhreithnithe 2022 don tSláinte.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na prionsabail chaighdeánacha le haghaidh cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, i gciorclán 22 de 2022, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de na nithe seo a leanas.

***Íocaíochtaí le FSS***

Cuirtear cistí ar aghaidh chuig FSS maidir le seirbhísí a sholáthar ar bhonn deontais, de réir an mhaoinithe atá leagtha amach sa litir chinnidh bhliantúil a eisítear chuig FSS agus ina leagtar a leibhéal caiteachais ceadaithe amach. Muirearaíodh an tsuim iomlán a íocadh le FSS i gcoinne na bhfo-mhírcheann ábhartha. B'ionann an maoiniú deontais a íocadh le FSS in 2022 agus €23.269 billiún (2021: €21.339 billiún). Tugtar cuntas air sin ar fud 14 fho-mhírcheann — gach fo-mhírcheann ó I go M.4, cé is moite d’fho-mhírcheann M.1, a bhain le caiteachas caipitil de chuid gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne seachas FSS.

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead mar is ceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a sholáthraíonn feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte (e.g., acmhainní daonna) a sholáthar. Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom ó thaobh mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Rinneadh nósanna imeachta a dhoiciméadú do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag neartú na timpeallachta rialaithe ina bhfeidhmíonn sí in 2023.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe,

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina dtugtar feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***Soláthar***

Deimhním go n-áirithíonn an Roinn go bhfuiltear ag díriú go cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú maidir leis na treoirlínte ábhartha uile.

Tá mionsonraí curtha ar fáil ag an Roinn maidir le naoi gcinn déag de chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i leith chiorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chloígh an Roinn leis na treoirlínte seachas i gcás trí chonradh (de bhreis ar €25,000) ab fhiú €130,520 san iomlán (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos:

- Bhain conradh amháin dar luach €25,021 le conradh monatóireachta meán a tairgeadh roimhe seo don tairseach ábhartha ach a sháraigh í. Meastar go bhfuil an tseirbhís seo riachtanach chun éascú a dhéanamh ar an riachtanas leanúnach maidir le monatóireacht meán ar an staid sláinte poiblí atá ag athrú mar a thuairiscítear sna meáin go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Rinne an Roinn cleachtadh soláthair chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais leanúnacha na seirbhíse sin agus tá conradh i bhfeidhm anois.
- Bhain conradh amháin dar luach €52,000 le conradh le haghaidh seirbhísí monatóireachta, cothabhála agus tacaíochta do bhonneagar crua-earraí agus líonra na Roinne a tairgeadh roimhe seo ach a sháraigh an tairseach ábhartha. Meastar go bhfuil an tseirbhís seo riachtanach chun bonneagar TF na Roinne a chothabháil. Déanfaidh an Roinn cleachtadh soláthair chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais leanúnacha na seirbhíse sin mar thosaíocht in 2023.
- Bhain soláthraí amháin dar luach €53,500 le seirbhísí dearaidh ghrafaigh agus tabhaíodh €15,300 de bhun iarratas ar phróiseas soláthair luachana, agus níor bhain an caiteachas €38,200 atá fágtha tairbhe as aon phróiseas soláthair. Chuir an Roinn tús le próiseas soláthair chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais leanúnacha dearaidh ghrafaigh na Roinne i Ráithe 4 2021 agus bunaíodh creat chun seirbhísí dearaidh ghrafaigh a sholáthar in 2022.

Áiríodh na conarthaí thuas sa tuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

Tá an Roinn tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna soláthair neamhchomhlíontaigh. Tá an Roinn i mbun a beartas agus a nósanna imeachta maidir le saincheisteanna soláthair a neartú agus tugtar tuairiscí chun dáta don fhoireann ar fad chuige sin. I gcás gur cuí, baineann an Roinn leas as creataí atá ar fáil go lárnach. Is tosaíocht é feabhas a chur ar phróisis reatha bainistíochta conarthaí agus tá siad á gur i bhfeidhm go hinmheánach i láthair na huaire. Leanann an Roinn ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun comhlíonadh a fheabhsú agus í ag tabhairt faoina gníomhaíochtaí soláthair.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ina n-oibríonn pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn i gcomhréir le cairt i scríbhinn arna faomhadh agam féin. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais ar a bhfuil an Roinn neamhchosanta bonn eolais faoina cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Is é is aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach.

Déanaimse, agus déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Don chuid is mó de 2022, rinne an Roinn bainistíocht ar riosca trína hOifig Oibríochtaí Corparáideacha (COO), le tacaíocht ó Ghrúpa Oibre Riosca le hionadaithe ó gach cearn den Roinn. Chuir an Oifig Oibríochtaí Corparáideacha tuarascálacha tráthrialta faoi bhráid an Choiste Rialachais Chorparáidigh Inmheánaigh, fochoiste de chuid an Bhoird Bainistíochta, a thugann dearbhú don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le hoiriúnacht agus láidreacht chórais, phróisis agus nósanna imeachta rialachais chorparáidigh na Roinne. Aistríodh bainistíocht riosca chuig Aonad nua Rialachais agus Riosca, a leanfaidh leis an bpróiseas sin in 2023.

***Rialachas san earnáil sláinte***

Tá cur chuige na Roinne maidir le rialachas a bhainistiú ar fud na hearnála sláinte in 2022 bunaithe ar an g*Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* (2016) a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. Déanann na haonaid ainmnithe laistigh den Roinn formhaoirseacht ar na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne, agus iad faoi stiúir ag leibhéal an Phríomhoifigigh, le hionchur agus tacaíocht ó Aonad Rialachais na Roinne agus aonaid ábhartha eile.

Ar an gcéad dul síos, is ar gach bord, agus ar gach cathaoirleach ar an mbord, atá an fhreagracht as sainordú agus feidhmeanna na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne a chomhlíonadh.

Cinntear an caidreamh idir an Roinn agus na comhlachtaí atá faoina coimirce go príomha

- leis an reachtaíocht bhunúsach lenar bunaíodh an comhlacht, agus
- leis na ceanglais atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais*.

Faoin *gCód Cleachtais* athbhreithnithe, bhí comhaontuithe formhaoirseachta agus comhaontuithe soláthair feidhmíochta i bhfeidhm le mórchuid na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne amhail an 31 Nollaig 2022. Díríonn an cur chuige sin ar aschuir agus ar thorthaí agus tá táscairí feidhmíochta ann lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní ar bhealach éifeachtach éifeachtúil chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar.

Ullmhaíonn FSS plean corparáideach a chlúdaíonn tréimhse trí bliana agus ceadaíonn an tAire Sláinte é. Ina theannta sin, leanann FSS le plean seirbhíse náisiúnta a ullmhú gach bliain ina leagtar amach cineál agus méid na seirbhísí atá beartaithe aige a sholáthar laistigh den mhaoiniú atá ar fáil. Comhlíonann an plean seirbhíse náisiúnta sin Rannán 9.5.2 den chomhaontú formhaoirseachta maidir le ceanglais comhaontaithe soláthair feidhmíochta. Ceadaíonn an tAire Sláinte an plean sin.

Amhail Márta 2023, maidir le Plean Seirbhíse Náisiúnta FSS, tá an plean ceadaithe ag an Aire faoi réir leasuithe. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag FSS ar an bplean sin faoi láthair de réir na leasuithe agus na mbreithnithe sin agus tá súil ag an Roinn an plean athbhreithnithe a fháil go luath. Nuair a gheobhaidh an Roinn é, déanfar athbhreithniú air ansin sula gceadóidh an tAire é go críochnaitheach. Cinnteoidh FSS go bhfoilseofar an Plean a luaithe is féidir tar éis é a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Cuireann FSS tuarascálacha feidhmíochta isteach gach mí ar a laghad i rith na bliana, agus tionóltar cruinnithe míosúla ag leibhéil éagsúla idir an dá eagraíocht chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna feidhmíochta leanúnacha nó éiritheacha agus bearta a chinneadh chun feabhas a chur ar réimsí imní.

Maidir leis na comhlachtaí eile atá faoi choimirce na Roinne, foráiltear le reachtaíocht, i bhformhór na gcásanna, do phlean corparáideach ilbhliantúil agus do phlean gnó bliantúil. De bharr na bpleananna sin, bítear in ann an straitéis chorparáideach fhoriomlán agus tosaíochtaí bliantúla a fhorbairt agus a chomhaontú faoi seach leis an Roinn.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don bhord bainistíochta, i gcás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

I mí Iúil 2022, shainaithin an Roinn íocaíocht dhúblach €51,096 a rinneadh le soláthraí i mí Iúil 2021. I mí Lúnasa 2022, shainaithin an Roinn íocaíocht dhúblach €1,460,246 a rinneadh le comhlacht reachtúil i mí Iúil 2022. Bhí na híocaíochtaí sin mar thoradh ar theip rialaithe. Ghnóthaigh an Roinn an dá íocaíocht. Sainaithníodh réiteach TF chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist rialaithe agus athraíodh Córas Bainistíochta Airgeadais (FMS) na Roinne ina dhiaidh sin chun atarlú a chosc.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

30 Márta 2023

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 38 Sláinte

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 38 Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 38 Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam leis an Roinn Sláinte agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

***Maoiniú agus tuairisciú airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte***

Pléann Caibidil 18 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2022 le maoiniú deontais ó Vóta 38 a sholáthar d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus conas a thugtar cuntas air i ráitis airgeadais bhliantúla Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus i gcuntas leithreasa Vóta 38.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Meán Fómhair 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó

nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó

nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## .Vóta 38 Sláinte

## Cuntas Leithreasa 2022

| **Seirbhís** | | | | **2022** | **2021** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Riarachán** | | | | | |
| A.1 Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | *Bunaidh* | 50,200 | | | |
| | *Forlíontach* | (4,600) | | | |
| | | | 45,600 | 45,506 | 44,916 |
| A.2 Taisteal agus cothú | | | | | |
| | *Bunaidh* | 275 | | | |
| | *Forlíontach* | 90 | | | |
| | | | 365 | 384 | 112 |
| A.3 Oiliúint agus forbairt agus speanais theagmhasacha | | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,700 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,167) | | | |
| | | | 2,533 | 3,188 | 3,127 |
| A.4 Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | *Bunaidh* | 180 | | | |
| | *Forlíontach* | 29 | | | |
| | | | 209 | 187 | 143 |
| A.5 Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,841 | | | |
| | *Forlíontach* | (262) | | | |
| | | | 2,579 | 2,217 | 2,706 |
| A.6 Costais áitribh oifige | | | | | |
| | *Bunaidh* | 872 | | | |
| | *Forlíontach* | (372) | | | |
| | | | 500 | 299 | 654 |
| A.7 Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,000) | | | |
| | | | 1,000 | 735 | 371 |

| Seirbhís | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Deontais** | | | | | |
| B.1 | Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais taighde eile | | | | |
| | *Bunaidh* | 48,450 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,515) | | | |
| | | | 45,935 | 45,239 | 40,952 |
| B.2 | Ciste Éire Shláintiúil | | 12,445 | 14,455 | 10,401 |
| B.3 | Tionscnamh Drugaí | | 6,928 | 5,347 | 5,395 |
| B.4 | Gníomhaíocht taighde Covid-19 | | 3,000 | 2,930 | 4,998 |
| **Seirbhísí eile** | | | | | |
| C | Costais i ndáil leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus le comhlachtaí idirnáisiúnta eile | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,700 | | | |
| | *Forlíontach* | (41) | | | |
| | | | 2,659 | 2,586 | 3,192 |
| D | Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus socraíochtaí ilghnéitheacha dlí | | | | |
| | *Bunaidh* | 10,899 | | | |
| | *Forlíontach* | 257 | | | |
| | | | 11,156 | 6,422 | 11,155 |
| E.1 | Comhlachtaí forbartha, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 109,370 | | | |
| | *Forlíontach* | (25,294) | | | |
| | | | 84,076 | 78,723 | 81,505 |
| E.2 | An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia | | | | |
| | *Bunaidh* | 5,691 | | | |
| | *Forlíontach* | (131) | | | |
| | | | 5,560 | 5,545 | 5,343 |
| E.3 | An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála | | 100,022 | 100,000 | 100,000 |

| Seirbhís | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Seirbhísí eile (ar lean)** | | | | | |
| E.4 | INTERREG na hÉireann/Thuaisceart Éireann | | | | |
| | *Bunaidh* | 5,300 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,400) | | | |
| | | | 1,900 | 1,554 | 1,686 |
| E.5 | Gníomhartha Covid-19 | | | | |
| | *Bunaidh* | 50,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (20,500) | | | |
| | | | 29,500 | 38,740 | 56,061 |
| F.1 | Íocaíochtaí i leith míthreorach de dheasca Tailidimíde | | 370 | 366 | 402 |
| F.2 | Íocaíochtaí i leith daoine a mhaíonn go ndearna vacsaíniú damáiste dóibh | | | | |
| | *Bunaidh* | 1 | | | |
| | *Forlíontach* | (1) | | | |
| | | | — | — | — |
| F.3 | Íocaíochtaí le cuntas speisialta arna bhunú faoi Alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002 | | | | |
| | *Bunaidh* | 16,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 138 | | | |
| | | | 16,138 | 16,150 | 10,923 |
| F.4 | Íocaíochtaí le ciste cúitimh a bunaíodh faoi Alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002 | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,046 | | | |
| | | | 3,046 | 3,046 | 2,434 |

| Seirbhís | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| G | Faisnéis, comhdhálacha agus foilseacháin a scaipeadh maidir le seirbhísí sláinte agus cúraim sláinte | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,550 | | | |
| | *Forlíontach* | (444) | | | |
| | | | 1,106 | 1,358 | 1,395 |
| H | Sláintecare | | | | |
| | *Bunaidh* | 17,829 | | | |
| | *Forlíontach* | (11,662) | | | |
| | | | 6,167 | 6,278 | 8,390 |
| **Riarachán corparáideach** | | | | | |
| I | Glanchostais phinsin | | | | |
| | *Bunaidh* | 616,400 | | | |
| | *Forlíontach* | 116,101 | | | |
| | | | 732,501 | 732,501 | 583,250 |
| **Seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta FSS** | | | | | |
| J.1 | FSS (lena n-áirítear forbairtí seirbhísí) | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,972,615 | | | |
| | *Forlíontach* | 39,394 | | | |
| | | | 14,012,009 | 13,984,051 | 12,477,781 |
| J.2 | FSS – Gníomhartha Covid-19 | | | | |
| | *Bunaidh* | 697,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,181,259 | | | |
| | | | 1,878,259 | 1,878,259 | 2,193,152 |
| **Seirbhísí eile FSS** | | | | | |
| K.1 | Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 4,513 | 4,513 | 376 |
| K.2 | Íocaíochtaí le Cuntas Speisialta – An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006 | | 1,700 | — | — |

| Seirbhís | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| K.3 | Íocaíocht le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú), 2006 – Scéim Árachais | | 1,000 | — | 252 |
| K.4 | Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | | | | |
| | *Bunaidh* | 435,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 95,000 | | | |
| | | | 530,000 | 530,000 | 465,136 |
| K.5 | Míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú cuntas díomhaoin) | | 2,450 | 108 | 204 |
| **Clár cúraim** | | | | | |
| L.1 | Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,700,700 | | | |
| | *Forlíontach* | (15,054) | | | |
| | | | 3,685,646 | 3,685,646 | 3,433,301 |
| L.2 | Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil – gníomhartha Covid-19 | | — | — | 17,672 |
| L.3 | Cúram cónaithe fadtéarmach | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,046,400 | | | |
| | *Forlíontach* | (44,871) | | | |
| | | | 1,001,529 | 1,001,529 | 1,017,600 |
| **Seirbhísí caipitil** | | | | | |
| M.1 | Deontais maidir le tógáil, trealmhú (lena n-áirítear TFC) | | 14,927 | 14,740 | 13,346 |
| M.2 | Saoráidí sláinte a thógáil, a threalmhú agus a fheistiú | | | | |
| | *Bunaidh* | 865,000 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 94,500 | | | |
| | | | 959,500 | 944,650 | 749,855 |

| Seirbhís | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| M.3 | Seirbhísí faisnéise agus seirbhísí gaolmhara do ghníomhaireachtaí sláinte | | | | |
| | *Bunaidh* | 333,000 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 9,500 | | | |
| | | | 342,500 | 367,500 | 245,500 |
| M.4 | Gníomhartha caipitil Covid-19 (lena n-áirítear TFC) | | | | |
| | *Bunaidh* | 50,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 90,000 | | | |
| | | | 140,000 | 140,000 | 155,000 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 22,193,328 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 104,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,392,000 | | | |
| | | | **23,689,328** | **23,664,751** | **21,748,684** |
| | *Lúide* | | | | |
| **N** | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **440,920** | **458,409** | **481,780** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 21,752,408 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 104,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,392,000 | | | |
| | | | **23,248,408** | **23,206,343** | **21,266,904** |

**Barrachas**

Is ionann an barrachas agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime a caitheadh atá faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 42,065,397 | 498,233,827 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (104,000,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **42,065,397** | **394,233,827** |

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

30 Márta 2023

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas ar riarachán na Roinne | | 52,516 | 52,028 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 23,612,236 | 21,696,656 |
| **Ollchaiteachas** | | **23,664,752** | **21,748,684** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **458,409** | **481,780** |
| **Glanchaiteachas** | | **23,206,343** | **21,266,904** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (43) | | |
| Dímheas | 42 | (1) | 22 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (1,060) | | |
| Laghdú ar fhardail | 14 | (1,046) | 158 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **23,205,296** | **21,267,084** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 21,232 | 20,439 |
| **Glanchostas an chláir** | | **23,226,528** | **21,287,523** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 38 a tabhaíodh in áit eile. Is meastacháin iad na figiúirí thíos atá bunaithe ar fhigiúirí sealadacha toraidh arna gcur ar fáil ag an Rannóg Seirbhísí Lárnacha sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 103 | 1,214 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 12,522 | 11,259 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 7,897 | 7,508 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 69 | 72 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 227 | — |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 119 | 105 |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 295 | 281 |
| | | **21,232** | **20,439** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

| | Nóta | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 75 | 74 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | — | 94,800 |
| Fardail | 2.2 | — | 14 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 2,928 | 858 |
| Ioncam fabhraithe | | 194 | 127 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 6,404 | 18,033 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.7 | 8,820 | — |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **18,346** | **113,832** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | 2.4 | 1,994 | 916 |
| Banc agus airgead tirim | | 11,404 | — |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 3,818 | 3,477 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.7 | — | 109,356 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **17,217** | **113,749** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 1,129 | 83 |
| **Glansócmhainní** | | **1,204** | **157** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.8 | **1,204** | **157** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022 | 183 | 183 |
| Breiseanna | 43 | 43 |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022 | 226 | 226 |
| **Dímheas carntha** | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022 | 109 | 109 |
| Dímheas don bhliain | 42 | 42 |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022 | 151 | 151 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022** | **75** | **75** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021 | 74 | 74 |

## 2.2 Fardail

| ag an 31 Nollaig | 2022 [a] | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | — | 10 |
| Ábhair inchaite TF | — | 4 |
| | — | **14** |

Nóta [a] Ag tosú in 2022, déantar míreanna ard-toirte, íseal-luacha a chostasú go hiomlán sa bhliain, agus ní rangaítear iad mar fhardal a thuilleadh.

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ciste Éire Shláintiúil | 2,194 | 764 |
| Ciste na nDídeanaithe Úcránacha | 491 | — |
| Ciste comhtháthaithe Sláintecare | 105 | — |
| Réamhíocaíochtaí eile | 138 | 94 |
| | **2,928** | **858** |

## 2.4 Costais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Scéim Árachais Heipitíteas C | 1,122 | — |
| Costais riaracháin | 291 | 394 |
| Deimhnithe digiteacha Covid | 203 | — |
| Táillí dlí | 123 | 286 |
| An tSeirbhís Chomhairleach Náisiúnta | 111 | — |
| Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann | 99 | — |
| Ciste Éire Shláintiúil | 1 | 163 |
| Fabhruithe eile | 43 | 73 |
| | **1,994** | **916** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | — | 19 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe ar an scéim pas taistil | 52 | 57 |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | 4 | — |
| An Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C [a] | 6,238 | 16,911 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 109 | 1,046 |
| | **6,404** | **18,033** |

Nóta [a] Faoi réir ceadú ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, déanann fo-mhírcheann F.3 íocaíochtaí le Cuntas Speisialta arna bhunú faoi Alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002, agus déanann fo-mhírcheann F.4 íocaíochtaí le Ciste Cúitimh arna bhunú faoi Alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002. Tá Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais freagrach as an gCuntas Speisialta agus as an gCiste Cúitimh.

Feidhmíonn an Roinn Sláinte mar ghníomhaire íocaíochta don Bhinse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus tá sí freagrach as dámhachtainí binse agus dámhachtainí cúitimh a íoc agus as costais riaracháin agus dlí an Bhinse a íoc. Forchúitítear an caiteachas ón gCuntas Speisialta agus ón gCiste Cúitimh de bhun na dtuairisceán caiteachais arna ndeimhniú ag Oifig Cuntasaíochta na Roinne Sláinte.

Is ionann an t-iarmhéid ag deireadh na bliana a léirítear anseo na costais a ghlan an Roinn Sláinte i leith an Bhinse agus nár forchúitíodh maoiniú ón gCuntas Speisialta agus ón gCiste Cúitimh ina leith go fóill.

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 580 | 613 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 380 | 388 |
| Muirear sóisialach uilíoch/tobhach ioncaim | 116 | 119 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 3 | 2 |
| Cáin bhreisluacha | 34 | 65 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 324 | 70 |
| | 1,436 | 1,257 |
| Asbhaintí párolla á gcoimeád ar fionraí | 256 | 45 |
| Maoiniú AE | 2,116 | 1,724 |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 11 | 451 |
| | **3,819** | **3,477** |

## 2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Barrachas le géilleadh | 42,065 | 394,234 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 104,000 |
| Deontas státchiste nár tarraingíodh anuas | (50,885) | (388,878) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **(8,820)** | **109,356** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | — | 94,800 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 6,404 | 18,033 |
| | 6,404 | 112,833 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,436) | (1,257) |
| Banc agus airgead tirim | (11,404) | — |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (2,383) | (2,220) |
| | (15,223) | (3,477) |
| | **(8,820)** | **109,356** |

## 2.8 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 157 | 320 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 23,248,408 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (42,065) | | |
| Glanvóta | | | 23,206,343 | 21,266,904 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 21,232 | 20,439 |
| Caiteachas neamhairgid thirim – coigeartú sócmhainní caipitil | | | — | 17 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (23,226,528) | (21,287,523) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **1,204** | **157** |

## 2.9 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais dhomhanda** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 1,123 | 2,371 |
| Cláir deontas neamhchaipitil | 31,271 | 16,829 |
| Cláir deontas caipitil | 48,256 | 47,641 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **80,650** | **66,841** |

| **b) Cláir deontas neamhchaipitil** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iarmhéid tosaigh | 16,829 | 19,148 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (19,822) | (15,858) |
| Ceangaltais deontas nua | 34,329 | 16,635 |
| Deontais a cuireadh ar ceal | (65) | (3,096) |
| **Iarmhéid deiridh** | **31,271** | **16,829** |

| **c) Cláir deontas caipitil** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iarmhéid tosaigh | 47,641 | 25,721 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (9,993) | (10,001) |
| Ceangaltais deontas nua | 10,994 | 33,273 |
| Deontais a cuireadh ar ceal | (386) | (1,352) |
| **Iarmhéid deiridh** | **48,256** | **47,641** |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Roinn le roinnt éileamh a bhaineann le himeachtaí dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta.

## 2.11 Iarmhéid FSS

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Dliteanas tosaigh ag an 1 Eanáir | (954) | — |
| Cinneadh | (23,706,949) | (21,627,500) |
| Deontas a eisíodh | 23,268,757 | 21,334,052 |
| Barrachas na bliana roimhe sin a cuireadh i bhfeidhm | — | 268,117 |
| Dliteanas deiridh ag an 31 Nollaig | (439,146) | (25,331) |
| Deontas a iarchuireadh | (24,377) | 24,377 |
| **Glan-iarmhéid le FSS** | **(463,523)** | **(954)** |

Nóta Aistríodh maoiniú deontais de €23,269 milliún san iomlán chuig FSS in 2022 chun freastal ar a riachtanais láithreacha airgid. B'ionann é sin agus €438.2 milliún níos lú ná an glanchinneadh do 2022. Tugadh iarmhéid féichiúnaí €25.3 milliún ar aghaidh ó 2021, rud a d'fhág go raibh iarmhéid foriomlán féichiúnaí €463.5 milliún i ráitis airgeadais FSS.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

Tugtar míniú thíos i gcás gach fo-mhírchinn caiteachais nuair a d'athraigh an toradh ón soláthar meastacháin bunaidh faoi níos mó ná €100,000, agus níos mó ná 5% (25% d'fho-mhírchinn riaracháin). Íocadh as caiteachas barrachais ar roinnt fo-mhírcheann trí vírmint an choigiltis ar fho-mhírchinn eile.

### Caiteachas riaracháin

**A.2** **Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €275,000; toradh €384,000*

Laghdaíodh an buiséad taistil agus cothaithe faoi 45% i meastacháin 2021 agus 2022 chun an laghdú suntasach ar chaiteachas mar gheall ar shrianta taistil a bhain le Covid-19 a léiriú. Ba é ba chúis leis an róchaitheamh €109,000 in 2022 ná taisteal a bheith ag filleadh ar na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim de réir mar a cuireadh deireadh leis na srianta. Leithdháileadh €90,000 breise mar chuid den phróiseas meastachán forlíontach.

**A.6** **Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €872,000; toradh €299,000*

Bhain an t-easnamh de €573,000 le filleadh ar an oifig a bhí níos déanaí ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús, rud a d'fhág go raibh costais fuinnimh, cothabháil agus costais troscáin níos ísle mar thoradh air.

**A.7** **Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais**

*Soláthar meastacháin €2 mhilliún; toradh €735,000*

Ní bhfuair an Roinn an líon céanna iarratas a fuarthas go stairiúil roimh an bpaindéim, cé go bhfuil fás tagtha ar an líon sin ó 2021. Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn ar thionscadail in 2022 ar luas níos moille ná mar a leagadh amach dúinn ag céim an iarratais ar chaiteachas Fho-mhírcheann A7 ar go leor cúiseanna éagsúla, mar shampla moilleanna ar thairiscintí a reáchtáil agus moill ar an obair a dhéanamh. Táthar ag súil go léireofar na tionscadail iompair sin i gcaiteachas 2023.

### Deontais do ghníomhaireachtaí

**B.1** **Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais taighde eile**

*Soláthar meastacháin €48.45 milliún; toradh €45.239 milliún*

Cuireann an Roinn cistí ar aghaidh chuig gníomhaireachtaí sláinte suas go dtí leibhéal ceadaithe caiteachais nó caiteachais iarbhír, cibé acu is lú. Bhí caiteachas na Clárlainne Náisiúnta Ailse níos lú ná an leithdháileadh mar gheall ar mhoill ar phoist a líonadh móide costais phinsin nach raibh ag teacht chun cinn. I measc na nithe suntasacha eile a bhfuil an gannchaitheamh ag baint leo, mar gheall ar chláir áirithe a chur siar agus uainiú na n-íocaíochtaí, tá: gníomhartha taighde Covid-19, clár taighde ESRI, an Coiste Náisiúnta Eitice Taighde, Taighde ar Árais Máithreacha agus Naíonán agus taighde sláinte na mban.

**B.2 Éire Shláintiúil**

*Soláthar meastacháin €12.445 milliún; toradh €14.455 milliún*

Mar gheall ar earráid, leithdháileadh caiteachas pleanáilte €3.195 milliún ar Éire Shláintiúil sa mheastachán ar fho-mhírcheann E.1 Comhlachtaí forbartha, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha. Gearradh an caiteachas a tabhaíodh ar an tionscadal ar an bhfo-mhírcheann seo, rud a d'fhág go raibh róchaitheamh ann. Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, glan-vírmint €2.1 milliún chun an caiteachas barrachais a chlúdach.

**B.3 Tionscnamh drugaí**

*Soláthar meastacháin €6.928 milliún; toradh €5.347 milliún*

In 2022, cuireadh €500,000 ar leataobh do chlár coiscthe agus oideachais a bhí á dhearadh. Níor shroich an tionscadal seo céim an chuir chun feidhme le linn 2022 ach táthar ag súil go gcuirfear an tionscadal chun feidhme in 2023. Níor tarraingíodh anuas maoiniú €245,000 don ghréasán náisiúnta tacaíochta teaghlaigh toisc é a bheith dúnta. Ina theannta sin, níor caitheadh go hiomlán an caiteachas réamh-mheasta maidir le tascfhórsaí Drugaí agus Alcóil mar gheall ar roinnt ról maoinithe a bhí fós folamh, mar gheall ar dheacrachtaí maidir le baill foirne nua a earcú agus mar gheall ar thionchar Covid-19.

## Seirbhísí eile FSS

**D Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha**

*Soláthar meastacháin €10.899 milliún; toradh €6.422 milliún*

Ba é ba chúis, den chuid is mó, leis an ngannchaitheamh €4.477 milliún ná socruithe diúltaithe an Aontais Cosanta Leighis i gcomparáid le 2021. Leithdháileadh €257,000 breise mar chuid den phróiseas forlíontach meastachán don scéim Bás sa tSeirbhís.

**E.1 Comhlachtaí forbartha, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha**

*Soláthar meastacháin €109.37 milliún; toradh €78.723 milliún*

Cuireann an Roinn cistí ar aghaidh chuig gníomhaireachtaí sláinte suas go dtí leibhéal ceadaithe caiteachais nó caiteachais iarbhír, cibé acu is lú. Bhí caiteachas iarbhír na ngníomhaireachtaí seo a leanas níos ísle ná mar a leithdháileadh ar dtús mar seo a leanas:

- An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte – bhí an caiteachas níos lú ná an leithdháileadh go príomha mar gheall ar mhoill ar phoist a líonadh.
- Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann – bhí an caiteachas níos lú ná an leithdháileadh go príomha mar gheall ar easpa airgid ar íocaíochtaí le tréidlianna Údaráis Áitiúil.
- An Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéil – bhí an caiteachas níos lú ná an leithdháileadh go príomha mar gheall ar mhoill ar phoist a líonadh.
- An Coimisiún Meabhair-Shláinte – bhí an caiteachas níos lú ná an leithdháileadh den chuid is mó mar gheall ar mhoill ar phoist a líonadh agus costais níos ísle a bhaineann le Binsí Meabhairshláinte.

I measc na nithe suntasacha ilghnéitheacha gannchaithimh eile a bhaineann leis an bhfo-mhírcheann seo, mar gheall ar chláir áirithe a chur siar agus uainiú na n-íocaíochtaí, tá an Scéim Reachtúil - Tacaíochtaí do mharthanóirí Tailidimíde, tionscnaimh Thascfhórsa Sláinte na mBan, tionscnaimh na hOifige um Shábháilteacht Othar, an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Scagadh agus tionscadail forbartha Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.

**E.4 INTERREG na hÉireann/Thuaisceart Éireann**

*Soláthar meastacháin €5.3 milliún; toradh €1.554 milliún*

Is mar gheall ar uainiú measta na dtionscadal íocaíochta is mó a bhíonn an gannchaitheamh. Íocfar an chuid is mó de na tionscadail seo in 2023.

**E.5 Gníomhartha Covid-19**

*Soláthar meastacháin €50 milliún; toradh €38.74 milliún*

Tharla an gannchaitheamh €11.26 milliún go príomha mar gheall ar an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála a bheith taobh thiar de spriocanna coimisiúnaithe agus de ghníomhaíocht choimisiúnaithe in 2022.

**F.4 Íocaíochtaí le ciste cúitimh a bunaíodh faoi Alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002**

*Soláthar meastacháin €2 mhilliún; toradh €3.046 milliún*

Foráiltear le hAlt 11 den Acht go n-íocfar méideanna in ionad le héilitheoirí a ghlac le dámhachtain ón mBinse nó le tairiscint socraíochta. Bhí an méadú €1.046 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar gheall ar luach na n-íocaíochtaí ciste cúitimh a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis. Leithdháileadh meastachán forlíontach €1.046 milliún ar an bhfo-mhírcheann, rud a d'fhág go raibh soláthar meastacháin athbhreithnithe €3.046 milliún ann.

**G Faisnéis, comhdhálacha agus foilseacháin a scaipeadh maidir le seirbhísí sláinte agus cúraim sláinte**

*Soláthar meastacháin €1.55 milliún; toradh €1.358 milliún*

Ba é líon feachtas faisnéise poiblí a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis ba chúis leis an nganncaitheamh.

**H Sláintecare**

*Soláthar meastacháin €17.829 milliún; toradh €6.278 milliún*

Baineann an t-easnamh caiteachais ar Sláintecare le moilleanna i mbunú Bhabhta 2 den Chiste Comhtháthaithe Nuálaíochta Sláintecare (SIIF) mar gheall ar easpa cumais i mBainisteoirí Cistí SIIF in Pobal a d’eascair as a dtiomantas riachtanach don fhreagairt ar ghéarchéim na hÚcráine. Ní raibh deontais tosaigh faoi Bhabhta 2 indéanta ach amháin ag deireadh 2022 sa chás go mbeifí ag súil le dhá thráinse maoinithe a eisíoc murach sin.

## Riarachán corparáideach

**I** **Glanchostais phinsin**

*Soláthar meastacháin €616.4 mhilliún; toradh €732.501 milliún.*

Áirítear leis an easnamh €116 mhilliún: suim €89 milliún a léiríonn titim leanúnach ar ioncam pinsean mar thoradh ar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Pinsean Aonair ag dul chuig an rialtas láir seachas FSS, chomh maith le leibhéal scoir a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis in 2022; suim €10 milliún a léiríonn éifeachtaí comhaontuithe pá roimhe seo, eadhon an méadú 1% ar mhóiminteam Tógála a thiocfaidh i bhfeidhm ó Dheireadh Fómhair 2022 (€2 mhilliún) agus an méadú 1% a íocadh sa ráithe deiridh agus a siardhátaíodh go Feabhra 2022 (€8 milliún); agus suim €17 milliún a léiríonn an méadú 3% a íocadh sa ráithe deiridh ar an gcomhaontú pá náisiúnta nua agus a siardhátaíodh go Feabhra 2022. Lorgaíodh meastachán forlíontach chun an t-easnamh san fho-mhírcheann seo a chlúdach.

## Seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta FSS

**J.1** **FSS (Iena n-áirítear forbairtí seirbhíse)**

*Soláthar meastacháin €13,972.615 milliún; toradh €13,984.051 milliún*

Bhí caiteachas sna réimsí seo ar phróifíl den chuid is mó i nglantéarmaí in 2022, agus rinneadh bearta neamhchistithe a tháinig chun cinn tar éis Bhuiséad 2022 a fhritháireamh trí choigilteas costais phá a d'eascair as an dá ghannchaitheamh nuair nach bhféadfaí an leibhéal iomlán earcaíochta maoinithe a sheachadadh, chomh maith le poist a mhaoiniú ar bhonn bliana iomláine ach nár líonadh iad ach níos déanaí sa bhliain. Rinneadh caiteachas breise os cionn an tsoláthair meastacháin a fhritháireamh tuilleadh trí laghduithe ar iarmhéideanna airgid FSS, rud a thug glan-easnamh de €11 mhilliún, nó 0.1% den bhuiséad iomlán. Lorgaíodh meastachán forlíontach €39.394 milliún chun easnaimh san fho-mhírcheann seo a chlúdach.

**J.2** **Gníomhartha Covid-19 FSS**

*Soláthar meastacháin €697 milliún; toradh €1,878.259 milliún.*

Áirítear leis an easnamh €1,181.259 milliún: róchaitheamh €1,161 mhilliún i ndáil le freagairtí sláinte poiblí Covid-19, toisc go raibh tionchar mór ag an athraitheach Omicron ar chaiteachas Covid-19 agus go raibh méadú suntasach ar mhinicíocht agus ar thinneas cásanna Covid-19 agus an spíce céanna ar chaiteachas. Lorgaíodh meastachán forlíontach €1,181.259 milliún chun easnaimh san fho-mhírcheann seo a chlúdach.

## Seirbhísí FSS eile

**K.2** **Íocaíochtaí le Cuntas Speisialta – An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006**

*Soláthar meastacháin €1.7 milliún; toradh €nialas*

Bhí an t-easnamh caiteachais de €1.7 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chineál na n-íocaíochtaí faoin bhfo-mhírcheann seo a bheith chomh mór sin go bhféadfadh uainiú na n-iarratas ar mhaoiniú a bheith dothuartha, go háirithe má tá ceisteanna le réiteach sa phróiseas fíoraithe, agus dá bhrí sin is féidir uainiú na n-íocaíochtaí a athrú. Mar gheall ar nádúr reachtúil na Scéime, ní mór don Stát na dliteanais a eascraíonn faoin Scéim a chomhlíonadh agus dá bhrí sin tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfanann maoiniú don Scéim san fho-mhírcheann ábhartha chun dliteanais deiridh a chomhlíonadh.

**K.3** **Íocaíochtaí le cuntas speisialta arna bhunú faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú), 2006 – Scéim Árachais**

*Soláthar meastacháin €1 mhilliún; toradh €nialas*

Níor tabhaíodh aon chaiteachas le linn 2022 in aghaidh an tsoláthair a rinneadh sa mheastachán. Is próiseas garbhreithiúnach é seo atá bunaithe ar éilimh a taisceadh agus bíonn éagsúlacht shuntasach ann idir cineál na n-éileamh agus na n-íocaíochtaí ó bhliain go bliain. Táthar ag súil le híocaíocht go luath in 2023 faoin bhfo-mhírcheann seo.

**K.4** **Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát**

*Soláthar meastacháin €435 mhilliún; toradh €530 milliún*

Tá an róchaitheamh €95 mhilliún mar thoradh ar chostais níos airde ná mar a bhí buiséadaithe a d’eascair as líon beag éileamh ard-luacha. Bunaithe ar réamh-mheastacháin FSS, lorgaíodh meastachán forlíontach €95 mhilliún chun easnaimh san fho-mhírcheann seo a chlúdach.

**K.5** **Míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú cuntas díomhaoin)**

*Soláthar meastacháin €2.45 milliún; toradh €108,000*

Tá an gannchaitheamh €2.342 milliún i gcomórtas leis an soláthar meastacháin mar thoradh ar neamh-intuarthacht bhunúsach na n-iarratas chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin ag lorg ceaduithe tionscadail agus inathraitheacht in uainiú na gceaduithe agus an chaiteachais i leith tionscadal a ceadaíodh.

## Clár cúraim

**L.1** **Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil**

*Soláthar meastacháin €3,700.7 milliún; toradh €3,685.646 milliún*

Bhí caiteachas ar phróifíl den chuid is mó in 2022, agus coigilteas €15 mhilliún ann. Bhí €20 milliún i gceist leis an gcoigilteas seo ar bhearta maoinithe, rud a frithháiríodh le €5 mhilliún de chaiteachas breise ar chinntí iar-Bhuiséid.

**L.3 Cúram Cónaithe Fadtéarmach**

*Soláthar meastacháin €1,046.4 milliún; toradh €1,001.529 milliún*

Tiomáineadh an gannchaitheamh €44.871 milliún i gcomórtas leis an soláthar meastacháin go cothrom trí choigilteas ar an ráta réamh-mheasta in aghaidh na leapa a bhí á íoc faoin scéim, chomh maith le líon níos lú daoine a tháinig isteach sa scéim mar thoradh ar thionchar Covid-19 ar áiseanna cúraim chónaithe fhadtéarmaigh.

## Seirbhísí caipitil

**M.2 Saoráidí sláinte agus saoráidí ardoideachais a thógáil, a threalmhú agus a fheistiú**

*Soláthar meastacháin €959.5 milliún; toradh €944.65 milliún*

Bhí an gannchaitheamh €14.85 milliún mar thoradh ar uainiú an chaiteachais i seachadadh an chláir caipitil sláinte. Cuireadh €10 milliún le fo-mhírcheann M.2 ó fho-mhírcheann J.1 chun an Ciste Boilscithe Fuinnimh – Tionscadail Caipitil Meabhairshláinte a chlúdach. Cuireadh €150,000 le fo-mhírcheann M.2 ó fho-mhírcheann M.1 chun seachadadh foriomlán an chláir caipitil sláinte a bharrfheabhsú. Cuireadh €25 mhilliún le fo-mhírcheann M.3 ó fho-mhírcheann M.2 chun tionscadail caipitil TFC a chlúdach.

**M.3 Seirbhísí faisnéise agus seirbhísí gaolmhara do ghníomhaireachtaí sláinte**

*Soláthar meastacháin €342.5 milliún; toradh €367.5 milliún*

Bhí an róchaitheamh €25 mhilliún mar thoradh ar an riachtanas breise maidir le ceangaltais do thionscadail chaipitil TFC.

**M.4 Gníomhaíochtaí caipitil Covid-19 (lena n-áirítear TFC)**

*Soláthar meastacháin €50 milliún; toradh €140 milliún*

Bhí an róchaitheamh €90 milliún mar thoradh ar an riachtanas breise le haghaidh ceangaltais agus riachtanais bhonneagair leanúnacha a bhaineann le freagairt Covid-19.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Costas na seirbhísí sláinte a sholáthraítear faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh a aisghabháil | 255,000 | 270,000 | 270,000 |
| 2 | Fáltais ó dhleachtanna máil áirithe ar tháirgí tobac | 167,605 | 167,605 | 167,605 |
| 3 | Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Oftalmacha a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh | 4,000 | 6,598 | 4,609 |
| 4 | Costais áirithe faoin Scéim Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh | 2,500 | 2,091 | 2,283 |
| 5 | Fáltais ilghnéitheacha | 3,750 | 4,809 | 32,179 |
| 6 | Cuntais dhíomhaoine | 2,700 | 108 | 350 |
| 7 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 3,900 | 4,123 | 3,831 |
| 8 | Fáltais maidir le Cláir Speisialta AE | 1,465 | 3,074 | 923 |
| | **Iomlán** | **440,920** | **458,409** | **481,780** |

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha ar leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €17.489 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh. Tugtar míniú ar na difríochtaí thíos:

**1 Costas na seirbhísí sláinte a sholáthraítear faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh a aisghabháil**

*Meastachán €255 mhilliún; réadaithe €270 milliún*

Bhí an méid a aisghabhadh faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh €15 mhilliún níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis. Déantar an méid a fhaightear a chaibidliú le linn na bliana agus níltear cinnte cén méid a gheofar sula ndéanfar an idirbheartaíocht le linn na bliana.

**3 Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Oftalmacha a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh**

*Meastachán €4 mhilliún; réadaithe €6.598 milliún*

Ba dheacair an méadú €2.598 milliún a thuar mar gheall ar éilimh faoin scéim seirbhísí oftalmacha. Tá moill ama ar eolas a bheith ar fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le leibhéal na n-éileamh a thagann chun cinn.

**4 Costais áirithe faoin Scéim Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh**

*Meastachán €2.5 milliún; réadaithe €2.091 milliún*

Ba dheacair an laghdú €409,000 a thuar mar gheall ar éilimh faoin scéim seirbhísí fiaclóireachta. Tá moill ama ar eolas a bheith ar fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le leibhéal na n-éileamh a thagann chun cinn.

**5 Fáltais ilghnéitheacha**

*Meastachán €3.75 milliún; réadaithe €4.809 milliún*

Tharla an méadú €1.059 milliún go príomha mar gheall ar fháltais ó Pobal de mhaoiniú nár caitheadh ó Bhabhta 1 de Chiste Comhtháthaithe Sláintecare de €746,231, aisíoc €299,519 ón tionscnamh drugaí agus coraintín éigeantach óstáin de €38,590 chomh maith le fáltais ar tháillí ceadúnais faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí agus táillí saorála faisnéise.

**6 Cuntais dhíomhaoine**

*Meastachán €2.7 milliún; réadaithe €108,000*

Bhí na fáltais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin €2.592 milliún níos ísle ná mar a measadh mar gheall ar éiginnteacht maidir le huainiú caiteachais i ndáil le tionscadail a ceadaíodh le haghaidh maoinithe faoi phleananna gníomhaíochta na gcuntas díomhaoin 2016, 2017 agus 2018.

**7 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €3.9 milliún; réadaithe €4.123 milliún*

Bhí an méid a fuarthas ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise €223,000 níos mó ná mar a measadh mar gheall ar mhéadú ar ranníocaíochtaí a fuarthas ó ghníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne.

**8 Fáltais maidir le Cláir Speisialta AE**

*Meastachán €1.465 milliún; réadaithe €3.074 milliún*

Bhí na fáltais a fuarthas maidir le Cláir Speisialta AE €1.609 milliún níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar chineál an chláir INTERREG, rud a chiallaíonn nach féidir uainiú na bhfáltas sin a thuar.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Géilleadh deonach pá | 53 | 53 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (53) | (53) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

## Nóta 5 Soláthar foirne agus Luach saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| Roinn | 624 | 673 |
| Fostaithe díreacha Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 89,227 | 85,508 |
| Fostaithe deonacha géarmhíochaine agus neamh-ghéarmhíochaine (Alt 38) | 48,519 | 46,815 |
| Gníomhaireachtaí eile [a] | 2,016 | 1,868 |
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** | **140,386** | **134,864** |

Nóta [a] Áirítear le 'gníomhaireachtaí eile' gach gníomhaireacht atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne, lena n-áirítear iad siúd nach bhfaigheann maoiniú díreach ón Státchiste.

### 5.2 Pá

| Luach saothair fhoireann na Roinne | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 41,703 | 41,041 |
| Scaoilíocaíochtaí agus íocaíochtaí iomarcaíochta | 12 | — |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 185 | 284 |
| Liúntais eile | 2 | 5 |
| Ragobair | 104 | 182 |
| ÁSPC an Fhostóra | 3,500 | 3,404 |
| **Pá iomlán** | **45,506** | **44,916** |

**Luach saothair Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 4,730,778 | 4,330,114 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 603,538 | 526,645 |
| Riaráistí | 5,030 | 21,052 |
| Ragobair | 276,579 | 240,339 |
| ÁSPC an Fhostóra | 566,118 | 507,363 |
| Íocaíocht aitheantais speisialta paindéime | 85,888 | — |
| Aoisliúntas | 898,071 | 811,377 |
| Pá iomlán fhostaithe díreacha Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 7,166,002 | 6,436,890 |
| Costais foirne na Gníomhaireachta | 619,514 | 568,450 |
| **Pá iomlán [a]** | **7,785,516** | **7,005,340** |

Nóta [a] Ní áirítear leis na costais phá thuas costas fostaithe san earnáil dheonach.

**Luach saothair gníomhaireachtaí eile [a]**

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 73,404 | 65,531 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 142 | 126 |
| Liúntais eile | 108 | 114 |
| Ragobair | 16 | 38 |
| ÁSPC an Fhostóra | 7,641 | 6,764 |
| **Pá iomlán** | **81,311** | **72,573** |

Nóta [a] I measc na ngníomhaireachtaí eile tá gníomhaireachtaí atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne agus a fhaigheann maoiniú díreach ón Státchiste, seachas Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2022 | 2021 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 19 | 9 | 22,755 | 22,002 |
| Liúntais eile | 8 | — | 1,309 | 2,166 |
| Ragobair | 36 | 1 | 19,320 | 17,611 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 4 | 3 | 24,146 | 22,264 |
| **Baill foirne gníomhaireachtaí eile** [a] | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 59 | 6 | 22,250 | 14,648 |
| Liúntais eile | 21 | — | 6,394 | 6,394 |
| Ragobair | 20 | — | 4,048 | 8,903 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 3 | — | 4,448 | 2,960 |

Nóta [a] I measc na ngníomhaireachtaí eile tá gníomhaireachtaí atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne agus a fhaigheann maoiniú díreach ón Státchiste, seachas Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

## 5.4 Foireann na Roinne de réir banda pá

| Banda pá | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó (€) | Go (€) | 2022 | 2021 |
| 20,000 | 59,999 | 409 | 409 |
| 60,000 | 69,999 | 52 | 66 |
| 70,000 | 79,999 | 68 | 79 |
| 80,000 | 89,999 | 54 | 42 |
| 90,000 | 99,999 | 34 | 27 |
| 100,000 | 109,999 | 22 | 18 |
| 110,000 | 119,999 | 9 | 9 |
| 120,000 | 129,999 | 4 | 5 |
| 130,000 | 139,999 | 2 | — |
| 140,000 | 149,999 | 1 | — |
| 150,000 | 159,999 | — | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 1 | 2 |
| 170,000 | 179,999 | 2 | 2 |
| 180,000 | 189,999 | — | 2 |
| 190,000 | 199,999 | 1 | — |
| 200,000 | 209,999 | — | — |
| 210,000 | 219,999 | — | — |
| 220,000 | 229,999 | — | — |
| 230,000 | 239,999 | 1 | — |
| 240,000 | 249,999 | — | 1 |
| 250,000 | 259,999 | — | 1 |
| 260,000 | 269,999 | — | — |
| 270,000 | 279,999 | — | — |
| 280,000 | 289,999 | — | — |
| 290,000 | 299,999 | 1 | — |

## 5.5 Socruithe eile luach saothair

Rinneadh beirt státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €105,558. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Sheirbhís Phoiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí agus íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn 2022, íocadh scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €12,275 san iomlán iad le beirt bhall foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht.

## 5.7 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 36 | 101,898 | 35,450 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 10 | 16,655 | 17,089 |

Aistríodh ocht bplean aisghabhála ró-íocaíochta i leith cúigir dar luach €8,004 chuig cúig roinn/oifig rialtais in 2022.

## 5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair incháinithe an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

| | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Bunphá | 297 | 253 |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina chomhalta de scéim pinsin Iontrálaithe Nua Bunaithe tar éis 2004 agus ní théann a theidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsean sin.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| Coimisiún cuspóra sheasta | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go deireadh 2022 | Caiteachas in 2022 | Caiteachas in 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin (Nithe áirithe i dtaobh seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus nithe gaolmhara) | 2017 | 6,789 | 775 | 964 |
| An Binse CervicalCheck | 2020 | 3,205 | 863 | 495 |
| | | **9,994** | **1,638** | **1,459** |

I mí an Mhárta 2017, bunaíodh coimisiún imscrúdúcháin ar nithe áirithe i dtaobh seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus nithe gaolmhara. Gearrtar caiteachas an Choimisiúin ar Fho-mhírcheann D – fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus speansais ilghnéitheacha dlí.

Bhunaigh an tAire Sláinte an Binse um CervicalCheck an 27 Deireadh Fómhair 2020. Bunaíodh an Binse faoi Alt 4 den Acht fán mBinse um CervicalCheck, 2019, a chuireann tuarascáil an Bhreithimh Onóraigh Charles Meenan i bhfeidhm maidir le *Córas Malartach chun Déileáil le hÉilimh a Éiríonn as CervicalCheck*. Cheap an tAire na comhaltaí ainmnithe chuig an mBinse le héifeacht ón 1 Nollaig 2020, rud a d’éascaigh an Binse tús a chur lena chuid oibre. Muirearaítear caiteachas an Bhinse ar Fho-mhírcheann D freisin.

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain**

| | Éilimh ó dhaoine den phobal | Iomlán 2022 | Iomlán 2021 |
|---|---|---|---|
| Líon na gcásanna | 77 | 77 | 60 |
| | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne í féin | 2,390 | 2,390 | 1,314 |
| Íocaíochtaí ón Roinn/thar ceann na Roinne | | | |
| Cúiteamh | 883 | 883 | 7,327 |
| Costais dlí | 240 | 240 | 486 |
| Costais eile | 41 | 41 | 228 |
| **Iomlán 2022** | **3,554** | **3,554** | **9,355** |
| Iomlán 2021 | 9,355 | 9,355 | |

## 6.3 Ciste Speisialta Infheistíochta Cnáimhseachais

In 2008, bhunaigh an tAire Sláinte Scéim Slánaíochta Obstatraice Speisialta. Faoin scéim, d’aontaigh an tAire Ospidéal Bon Secours (Corcaigh) agus Ospidéal Mount Carmel a shlánú i leith éilimh obstatraice shonraithe. Bunaíodh ciste le ranníocaíochtaí ón dá ospidéal, ón gCumann Cosanta Leighis agus ón Roinn Sláinte. Íocann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát éilimh de réir mar a thagann siad chun cinn. Thug an tAire Sláinte údarú don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát airgead a tharraingt anuas ón gciste chun costas na n-éileamh a chlúdach.

Ag an 31 Nollaig 2022, b’ionann an t-iarmhéid ar an gciste agus €4.934 milliún (2021: €4.947 milliún). Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a bhainistíonn an ciste agus léirítear an t-ioncam agus an caiteachas gaolmhar i ráitis airgeadais bhliantúla na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát.

## 6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| **Fo-mhírcheann** | | **€000** | **€000** | **€000** |
| K.1 | Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 4,513 | 4,513 | 376 |
| | | **4,513** | **4,513** | **376** |

## 6.5 Maoiniú AE

Tá caiteachas faoi fho-mhírcheann E.4 INTERREG na hÉireann/Thuaisceart Éireann á chómhaoiniú ag AE.

## 6.6 Íocaíochtaí úis déanacha agus íocaíochtaí cúitimh

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis a íocadh | 9 | 22 |
| | **9** | **22** |

## 6.7 Iarmhéideanna cuntais fionraí a díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna cuntais fionraí | 900 | — |

Nóta [a] Thug an Roinn faoi athbhreithniú ar roinnt iarmhéideanna cuntais fionraí, in 2022, agus sainaithníodh coigeartuithe cuntasaíochta, a rinneadh trí dhearmad, ar thrí chuntas. Níor shainaithin an roinn aon tionchar ná caillteanas airgid don státchiste mar thoradh ar na hiontrálacha sin.

Rinneadh iarraidh, chun na hiarmhéideanna neamhréitithe a dhíscríobh, chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, chun na hiarmhéideanna ar an gCuntas Leithreasa a thabhairt ar aon dul leis na hionchais.

Rinneadh athbhreithniú ar nósanna imeachta maidir le gach cuntas fionraí ó 2022 ar aghaidh.

## 6.8 Forchúiteamh coraintín éigeantaigh óstáin

Tugadh coraintín éigeantach óstáin (MHQ) isteach mar bheart eisceachtúil sláinte poiblí, chun íoslaghdú a dhéanamh ar an mbaol go n-allmhaireofaí athraithigh Covid-19 lena mbaineann imní agus a d'fhéadfadh an tseirbhís sláinte a chur as a riocht agus an bonn a bhaint den chlár náisiúnta vacsaínithe.

Nuair a scoir MHQ de bheith ag feidhmiú, coinníodh foireann bheag sa Roinn chun leibhéal an fhiachais gan íoc a chainníochtú, chun iarchur íocaíochta a phróiseáil agus chun córas a chur i bhfeidhm chun airgead dlite a aisghabháil.

In 2022, fuarthas fáltais €38,591 agus taifeadadh iad i leithreasaí-i-gcabhair (nóta 4). Faoin 16 Feabhra 2022, b’ann do 800 duine nach ndeachaigh i dteagmháil leis an bhfoireann aisghabhála íocaíochtaí agus is é €928,797 luach reatha an fhiachais gan íoc.

Cé gur tugadh faoi obair shuntasach, tá an costas a bhaineann leis an bhfoireann aisghabhála íocaíochta a oibriú i bhfad níos mó ná an toradh. Tá roghanna éagsúla scrúdaithe ag an Roinn, lena n-áirítear foireann thiomnaithe a choinneáil chun an chothromaíocht gan íoc a bhaint amach, ach ní mheastar gur luach ar airgead iad seo don Roinn. Ar an mbonn sin, lorg an Roinn cead chun an tsuim sin a dhíscríobh.

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Sláinte

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Comhlacht/Ciste Roinne | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchta | An dáta a fuair an tAire/an Roinn í | An dáta a cuireadh i láthair an Oireachtais í |
|---|---:|---:|---:|---:|
| Ospidéal Beaumont | 2021 | 21 Nol 2022 | 12 Ean 2023 | 10 Már 2023 |
| Sláinte Leanaí Éireann | 2021 | 14 D.F. 2022 | 14 Nol 2022 | 3 Ean 2023 |
| Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath | 2021 | 30 Mei 2022 | 27 Iúil 2022 | 27 Iúil 2022 |
| Ospidéal San Séamas | 2021 | 28 Mei 2022 | 5 Iúil 2022 | 21 Iúil 2022 |
| Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar | 2021 | 26 Lún 2022 | 30 Lún 2022 | 2 Sam 2022 |
| Bord Forbartha an Ospidéil Péidiatraice Náisiúnta [a] | 2020 | 30 Sam 2021 | 6 Nol 2021 | 20 Nol 2021 |
| An Chomhairle Náisiúnta Haemaifilia | 2021 | 22 Sam 2022 | 22 Sam 2022 | 24 Sam 2022 |
| Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | 2021 | 29 Mei 2022 | 15 Iúil 2022 | 29 Lún 2022 |
| An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia | 2021 | 23 Nol 2022 | 8 Fea 2023 | 9 Fea 2023 |
| An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte | 2021 | 6 Bea 2022 | 10 Bea 2022 | 23 Bea 2022 |
| An Bord Taighde Sláinte | 2021 | 12 Nol 2022 | 20 Nol 2022 | 21 Fea 2023 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 2021 | 30 Bea 2022 | 6 Mei 2022 | 20 Mei 2022 |
| An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU) | 2021 | 30 M.F. 2022 | 6 D.F. 2022 | 10 D.F. 2022 |
| Bord Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann | 2021 | 20 Mei 2022 | 27 Mei 2022 | 10 Lún 2022 |
| An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte | 2021 | 17 Bea 2022 | 5 Iúil 2022 | 17 D.F. 2022 |
| An Coimisiún Meabhair-Shláinte | 2021 | 29 Mei 2022 | 30 Mei 2022 | 30 Mei 2022 |
| An Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse | 2021 | 24 Mei 2022 | 28 Mei 2022 | 13 M.F. 2022 |

| **Comhlachta/ciste roinne** | **An tréimhse chuntasaíochta dheireanach** | **Dáta na tuarascála iniúchta** | **An dáta a fuair an tAire/an Roinn í** | **An dáta a cuireadh i láthair an Oireachtais í** |
|---|---|---|---|---|
| An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála | 2021 | 30 M.F. 2022 | 2 Nol 2022 | 12 Nol 2022 |
| An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil | 2021 | 21 Nol 2022 | 22 Nol 2022 | 22 Fea 2023 |
| An tÚdarás Árachais Sláinte | 2021 | 23 Mei 2022 | 29 Mei 2022 | 29 Lún 2022 |
| An Ciste um Chothromú Fiontar | 2021 | 23 Mei 2022 | 29 Mei 2022 | 29 Lún 2022 |
| An Chomhairle Fiaclóireachta [a] [b] | 2020 | 15 Nol 2021 | 20 Nol 2021 | 24 Ean 2022 |
| Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann | 2021 | 23 Nol 2022 | 20 Ean 2023 | 3 Már 2023 |
| Comhairle na nDochtúirí Leighis | 2021 | 30 Mei 2022 | 21 Nol 2022 | 16 Ean 2023 |
| Cumann Cógaiseoirí na hÉireann [b] | 2021 | 24 Már 2022 | 29 Már 2022 | 17 Mei 2022 |
| An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh [b] | 2021 | 1 Aib 2022 | 28 Aib 2022 | 4 Iúil 2022 |
| Maoin Phríobháideach Othar Comhdhlúite | 2021 | 16 Nol 2022 | 23 Nol 2022 | 22 Fea 2023 |
| An Scéim Aisíoca Sláinte (Ciste Tabhartas) | 2021 | 16 Nol 2022 | 23 Nol 2022 | 22 Fea 2023 |
| Scéim na gCuntas Speisialta um Aisíocaíochtaí Sláinte | 2021 | 16 Nol 2022 | 23 Nol 2022 | 22 Fea 2023 |
| Scéim Árachais - Heipitíteas C | 2021 | 16 Nol 2022 | 22 Nol 2022 | 28 Nol 2022 |

Nótaí

[a] Táthar ag fanacht le cur i gcrích an iniúchta reachtúil bhliantúil do 2021 le haghaidh an dá chomhlacht seo.

[b] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar ráitis airgeadais na gcomhlachtaí Stáit seo.